

Deis do phost a athrú le bheith ag oibriú ag comhéadan

Inbhuanaitheachta, Athghiniúna, Talmhaíochta agus Bia

COMHORDAITHEOIR GNÓ/CNE (Comhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach)

Intéirneacht le pá \_\_\_\_\_

Cill  
Ulta

Áitiúil • Blasta • Úr

Cill Ulta, An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall, F92 WF60



Tá dhá phríomhchuid sa phost suimiúil seo. Beidh 50% den obair dírithe ar obair a bhaineann le Cúlra Créafóige agus 50% ar ról níos leithne i bhforbairt gnó.

Tá seo á chómhaoiniú ag Údarás na Gaeltachta agus ag an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach um Talmhaíocht (EIP-AGRI).

Táimid lonnaithe in iarthuaisceart na hÉireann, i nGaeltacht Dhún na nGall, ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin; táimid ainmnithe mar limistéar ardcscímhe ar leith, agus tá dhá Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta taobh istigh dár gcríocha.

- 1) [Cúlra Créafóige – Cill Ulta](#): Is Comhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach um talmhaíocht (EIP-AGRI) é atá dírithe ar bheogacht agus ar athnuachan shocheacnamaíoch Chloich Cheann Fhaola a spreagadh, trí thacaíocht a thabhairt do fhiontair bheaga talmhaíochta agus trína dtabhairt ar ais.

Cuireadh tús leis an tionscadal seo le deileáil leis na dáileachta thalamh curaíochta a tréigeadh; a chuaigh as feidhm de réir mar a dhírigh feirmeoirí níos mó ar tháirgeadh eallach agus caorach agus gur imigh go leor úinéirí talaimh áitiúla chuig cathracha móra nó chuig tíortha eile ar lorg oibre. I gCúlra Créafóige déantar iniúchadh, i gcomhar leis na húinéirí talaimh, ar na bairr a d'fhéadfadh a shaothrú ar an talamh seo arís, ag baint úsáide as leaganacha nua-aimseartha agus eolaíocht bhunaithe den chleachtas oidhreachta, sa dóigh go ndéanfaí gníomhaíochtaí uile feirmeoireachta ar dhóigh a chuirfeadh leis an bhithéagsúlacht áitiúil, agus le feiceáil cad é an acmhainneacht chun margaidh a bhainfeadh leo.

I do phost mar **CHOMHORDAITHEOIR GNÓ/ CNE (an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach)** beidh tú ag obair go dlúth le painéal éiceolaithe a bhfuil clú domhanda orthu agus le comhlachtaí náisiúnta, le monatóireacht a dhéanamh ar na táscspeicis go deireadh an tionscadail. Chomh maith leis sin, beidh tú ag tacú le rannpháirtithe trí shraith traenála i gcleachtais talmhaíochta inbhuanaithe, i modhanna

monatóireachta bithéagsúlachta, agus i bhfiontair baile, go mbeidh siad ullmhaithe a saith ag deireadh an tionscadail, le leanstan leis an churaíocht inbhuanaithe ar a dtalamh.

Ag bráth ar scileanna agus ar shuimeanna an té a cheapfar, d'fhéadfadh freagrachtaí a bheith orthu sna réimsí seo a leanas :

- Gníomhaíochtaí gairneoireachta a bhaineann le táirgeadh, le baint barr, le pacáistiú, le díolacháin etc.
- For-rochtain, lena n-áirítear cothú bithéagsúlachta agus méadú fheasacht pobail
- Tionscnaimh áitiúla a chuideoidh le geilleagar ciorclach a fhorbairt in Iarthuaisceart na hÉireann.
- Taighde: modhanna agus uirlisi do tháirgeadh barr inbhuanaithe, córais áitiúla bithéagsúlachta agus éiceolaíochta, geilleagar ciorclach.
- Scríbhneoireacht theicniúil lena n-áirítear iarratas ar dheontais, achoimrí ar thionscadail, tuarascálacha do chomhlachtaí maoinithe etc.
- Comhoibriú idir earnálacha le cleachtas talmhaíochta inbhuanaithe a fhorbairt in Éirinn (UCD, ÚnaG, E- seeds).

## 2) FORBAIRT GNÓ

Baineann an chuid seo den phost le comhoibriú mar chuid den fhoireann i gCill Ulta, le :

- Deiseanna margaíochta a aithint agus a fhorbairt; plean úra díolachán a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm
- Straitéis Chill Ulta do na Meáin Shóisialta a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú le feasacht branda a ardú, le margaíocht a fheabhsú agus le díolachán a mhéadú i.e. Facebook, Twitter, agus trínár dtairseach díolacháin ar líne [www.cillulta.ie](http://www.cillulta.ie)
- Comhairle a thabhairt maidir le forbairt straitéiseach ghnó Chill Ulta – riachtanais an mhargaidh agus feidhmíocht gnó a mheas go mbeidh Cill Ulta ar thús cadhnaíochta maidir le h-inbhuanaitheachta de.
- cinntiú go bhfuil na h-earraí agus na seirbhísí cuí ag custaiméirí reatha; margaidh úra agus custaiméirí úra a aimsiú; agus le dul i dteagmháil le custaiméirí ionchasacha

## ACHOIMRE COMHLACHTA

Is é Cill Ulta, fiontar sóisialta forásach (a bhfuil stádas carthanachta aige) atá ag iarraidh Iarthuaisceart Dhún na nGall a chur chun tosaigh mar réigiún atá aitheanta as a inbhuanaitheacht, a bithéagsúlacht, agus a táirgeadh ísealcharbóin bia, atá i gceannas an tionscadail seo. Cuireann muid freagraí áitiúla Éireannacha chun cinn ar na dúshláin seo a leanas: Athrú Aeráide; Díghrádú Éiceolaíoch; Spleáchas ar Allmhairí Talmhaíochta; agus Meath Chultúr, Theanga agus Dhaonra na Gaeltachta. Déanaimid ár ndícheall teacht aniar a chothú inár bpobal trí mhodhanna úra a thabhairt isteach maidir le: réitigh fuinnimh inbhuanaithe agus feasacht éiceolaíochta, talmhaíocht athghiniúnach agus biafhlaithreas Éireannach, éagsúlú i bhfiontair feirme agus forbairt geilleagar ciorclach láidir. Is ceanródaí muid maidir le gairneoireacht inbhuanaithe, geilleagar tuaithe, traenáil agus for-rochtain i bhfeasacht éiceolaíochta, talmhaíocht athghiniúnach, fuinnimh inbhuanaithe, agus geilleagar ciorclach de. Tuilleadh eolais fán chomhlacht ar fáil ag [cillulta.ie](http://cillulta.ie).



University College Dublin  
Ireland's Global University



## Scileanna Riachtanacha agus/nó Taithí

- Cáilíocht 3ú leibhéal i dtalmhaíocht, i nGairneoireacht, i nGnó an Bhia nó i réimse eile ábhartha
- Eolas ar Ghairneoireacht nó ar Ghnó an Bhia, agus/nó suim iontu
- Eolas ar Inbhuanaitheacht, ar bhithéagsúlacht, agus ar an gheilleagar chiorclach agus /nó suim iontu
- Scileanna éifeachtacha pleanála agus eagraithe
- Gairmiúil agus féinspreagtha agus eitic oibre réamhghníomhach acu
- Gaeilge, idir scríofa agus labhartha, acu

## Scileanna inmhianaithe, Taithí, nó suim i (ceann amháin nó níos mó)

- Bainistíocht Tionscadal
- Margaíocht agus Díolacháin
- Margaíocht dhigiteach agus na meáin Sóisialta
- Gnó an Bhia agus AGPRC
- Bithéagsúlacht
- Geilleagar Ciorclach
- Polasaí Thalmhaíocht na hÉireann
- Taighde i dtalmhaíocht inbhuanaithe
- For-rochtain Pobail
- Dearadh Gréasáin/Forbairt Gréasáin

## Cuirtear CV mar aon le litir mhínithe chuig::

**POST** - An Cathaoirleach, LAN Ctr, Cill Ulta, An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall, F92 WF60

nó **RPHOST** - cillulta@gmail.com

## Le bheith ann roimh:

12.00 i.n., Dé Luain 4ú Deireadh Fómhair 2021

